ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN
THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

# Plean Corparáideach 2016-2019

Leagan 1.0 Arna fhoilsiú Iúil 2016

# 1 Réamhrá

Tá an tÚdarás Uchtála ag tnúth go mór leis an gcéad trí bliana eile agus tá sé muiníneach go mbeidh sé in ann leanúint den ról agus seirbhísí atá aige a chur chun cinn i gcomhréir lena chúram reachtach, ar mhaithe le feabhas leanúnach a bhaint amach. Tá an tÚdarás bródúil as an méid atá bainte amach ó bunaíodh an eagraíocht i mí na Samhna 2010, tar éis thosach an Achta Uchtála 2010. Beidh baint ag an Údarás sa chéad bhabhta pleanála eile leis na cuspóirí atá bainte amach aige a neartú agus feabhas leanúnach a chur ar sheirbhísí, chomh maith le bheith in ann glacadh le hathruithe nua de réir mar is gá.

Tá an tÚdarás ag brath ar agus meas mór aige ar an obair i gcomhar a dhéanann sé le go leor comhpháirtithe seachtracha maidir lena ról a chomhlíonadh agus tá sé mar phríomhaidhm ag an Údarás an caidreamh tábhachtach seo a neartú sa tréimhse atá ag teacht.

Cuimsítear ár gcuid cuspóirí agus gníomhaíochtaí pleanáilte sna blianta atá le teacht sa Chúig Chuspóir Straitéiseacha atá glactha againn. Léirítear sin d'aon ghnó i dtéarmaí atá uaillmhianach agus tabharfaidh muid fúthu chomh maith agus atá ar ár gcumas.

Tá sé mar aidhm againn uile na caighdeáin is airde is féidir i leith na huchtála agus i leith na seirbhísí a bhaineann le huchtáil a chur ar fáil, i gcomhréir lenár gcuid oibleagáidí dlí agus polasaí ach atá i gcomhréir leis na teorainneacha atá ar ár acmhainní freisin.

Is mór againn an tacaíocht mhór atá á fháil againn ón Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus óna Roinn agus táimid ag súil go mór leanúint lenár gcaidreamh oibre dlúth sna blianta

atá romhainn.

An Dr Geoffrey Shannon Patricia Carey
Cathaoirleach An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:

# 2 Achoimre Feidhmiúcháin

Is é Údarás Uchtála na hÉireann an tÚdarás Lárnach don Uchtáil in Éirinn. Bunaíodh an tÚdarás faoin Acht Uchtála 2010 agus is comhlacht reachtúil gar-bhreithiúnach neamhspleách é atá ceaptha ag an Rialtas chun críoch uchtáil in Éirinn a rialú. Tá an creat rialála, atá bainteach leis an bpróiseas saolré atá i gceist le huchtáil agus a chinntíonn go bhfuil leas an linbh fíorthábhachtach agus faoi chosaint ar fud an phróisis, neartaithe ag an Acht Uchtála 2010. Is é seo an príomhphrionsabal sainiúil ó thaobh obair agus gníomhaíochtaí uile an Údaráis.

Tháinig an tAcht Uchtála 2010 agus bunú an Údaráis Láir leis an tráth ar dhaingnigh Éire Coinbhinsiún na Háige um Chosaint Leanaí agus Comhar maidir le hUchtáil Idir Tíortha. Leagtar amach ansin sraith de chaighdeáin atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta. Tugtar sainordú an-soiléir don Údarás sa tsoiléireacht tuairimíochta de na caighdeáin, maidir le huchtáil idirnáisiúnta agus baile, sa phróiseas cinnteoireachta as a bhfuil an tÚdarás freagrach.

Oibríonn an tÚdarás go dlúth leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus oibríonn siad i gcomhar le páirtnéirí agus soláthraithe seirbhíse éagsúla, go háirithe le TUSLA agus leis na gníomhaireachtaí creidiúnaithe ag an Údarás. Tá a fhios ag an Údarás go bhfuil tuairimí láidre ag páirtithe leasmhara eile, eagraíochtaí agus daoine araon, maidir le dlí, polasaí agus cleachtadh uchtála agus tá sé mar aidhm ag an Údarás obair go réamhgníomhach agus go tairbheach leis na páirtithe leasmhara uile chun seirbhísí freagrúla agus tacúla a chur ar fáil. Tá an tÚdarás ag tnúth lena chuid rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara a neartú sa tréimhse atá ag teacht.

Tá roinnt forbairtí reachtúla a d'fhéadfadh tarlú agus tionchair a bheith acu ar ról agus feidhmeanna an Údaráis amach anseo agus ar an éileamh ar uchtáil agus seirbhísí a bhaineann le huchtáil le linn an Phlean seo. Déanfaidh an tÚdarás measúnú réamhghníomhach ar a gcuid impleachtaí agus leanfaidh d'idirchaidreamh a bheith aige leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir le cur i bhfeidhm na n-impleachtaí sin a thuar agus pleanáil a dhéanamh ina leith in am trátha.

Rinneadh athbhreithniú ar dhul chun cinn thar thréimhse le linn an phlean roimhe seo (2012-15) agus suirbhé ar líne ar phríomhpháirtithe leasmhara mar réamhshaothar le haghaidh an mhion-obair ullmhúcháin ar an bplean seo. Thacaigh cleachtaí SWOT agus PEST leis an anailís freisin. Chuidigh sin uile leis an ráiteas maidir le Misean, Fís agus Luachanna a leagtar amach i Mír 6 agus bhí tionchar acu ar ábhar na ngníomhaíochtaí atá pleanáilte don tréimhse atá le teacht.

Tá glactha ag an Údarás le Cúig Chuspóir Straitéiseacha don tréimhse 2016-19 agus leagtar amach na cuspóirí sin ag Mír 6, chomh maith leis na príomhphointí gníomhaíochta agus amlínte táscacha i mír 7. Táthar ag súil go dtreoróidh sin obair agus gníomhaíochtaí na heagraíochta le linn tréimhse an Phlean agus go ndéanfaidh sin an creat do mhaoirseacht na Feidhmeannachta agus an Bhoird maidir le feidhmíocht thar an tréimhse. Is iad sin an creat ina ndéanfar pleanáil bhliantúil ghnó agus tuairisciú bliantúil.

Déantar anailís ar na príomhrioscaí a chur i láthair ag Mír 8 agus déanfar monatóireacht ghníomhach orthu sin agus déanfar iad a chomhtháthú chun críche mhaoirseacht na Feidhmeannachta agus an Bhoird.

Ghlac an tÚdarás leis an bPlean seo i ndréachtfhoirm ag a chruinniú an 22 Nollaig 2015.
Tá an leagan deiridh curtha ar aghaidh anois lena athbhreithniú.

# 3 Údarás Uchtála - Eagraíocht & Rialú

## 3.1 Réamhrá

Tháinig an tAcht Uchtála 2010 i bhfeidhm an 1 Samhain 2010. Bunaíodh an tÚdarás Uchtála an lá sin freisin agus feidhmíonn an tÚdarás mar Údarás Lárnach maidir le hUchtáil in Éirinn. Ón dáta sin, tá uchtáil in Éirinn á rialú ag Údarás Uchtála na hÉireann, comhlacht reachtúil gar-bhreithiúnach neamhspleách atá ceaptha ag an Rialtas.

Tháinig na laethanta ó thaobh tosach feidhme agus bunaithe leis an tráth ar dhaingnigh Éire Coinbhinsiún na Háige 1993 um Chosaint Leanaí agus Comhar maidir le hUchtáil Idir Tíortha. Is é atá mar chuspóir leis an Acht Uchtála 2010, caighdeáin a fheabhsú san uchtáil bhaile agus idir tíortha araon. Tá láidriú déanta ar an gcreat rialála a rialaíonn uchtáil ar mhaithe lena chinntiú go gcosnaítear leas an linbh ar fud an phróisis uchtála.

## 3.2 Feidhmeanna agus socruithe Rialachais

Leagtar amach feidhmeanna an Údaráis in Alt 96 den Acht Uchtála, 2010. Áirítear orthu sin feidhmeanna de chineál oibríochta, breithiúnach agus gar-bhreithiúnach maidir leis an bpróiseas uchtála féin, de réir mar a fhoráiltear faoin Acht, ach a bhaineann freisin le hainmniú an Údaráis mar Údarás Lárnach do Choinbhinsiún na Háige 1993 um Chosaint Leanaí agus Comhar maidir le hUchtáil Idir Tíortha. Chomh maith leis sin, tá feidhmeanna cláraithe agus rialaithe ag an Údarás. Ar deireadh, tá feidhmeanna tuairiscithe, comhairliúcháin polasaí agus taighde leagtha amach. Tá na feidhmeanna seo mar chúlra dlíthiúil ag gach aon cheann de na spriocanna, cuspóirí straitéiseacha agus gníomhaíochtaí beartaithe do thréimhse an phlean seo.

Déantar foráil i gCuid 12 (ailt 94-121 san áireamh), inter alia, do bhunú an Údaráis agus do cheapadh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin. Is iad comhaltaí an Údaráis bord rialaithe na heagraíochta agus tá comhfhreagracht orthu as rathúlacht an Údaráis a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí an Údaráis a stiúradh. Cuireann forálacha an Achta creat reachtúil i bhfeidhm a chinntíonn go bhfuilimid cuntasach don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus don Rialtas. Leanfar dár bhfeidhmíocht a mheasúnú i gcoinne na bhforálacha atá san Acht agus
na gealltanais atá déanta sa phlean seo.

## 3.3 Struchtúr na hEagraíochta

Tá struchtúr eagraíochta an Údaráis leagtha amach in Aguisín 1.

# 4 Plean Corparáideach - an Creat Dlíthiúil

Ceanglaítear ar an Údarás faoi Alt 108 den Acht Uchtála, 2010, Plean Corparáideach a ullmhú agus a chur faoi bhráid.

Tá oibleagáid air freisin i gcomhthéacs a chuid oibleagáidí Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

# 5 Prionsabail agus Luachanna

Tá glactha ag an Údarás le sraith prionsabal agus luachanna atá mar bhonn taca leis an gcur chuige atá aige maidir lena mhisean, fís, spriocanna, cuspóirí agus oibríochtaí laethúla. Tá baint acu seo le:

## Leanbhlárnachas:

- Dírímid ar leas an linbh agus cinntímid go mbreithnítear a riachtanais i rith a saoil a bheith ríthábhachtach agus seirbhísí an Údaráis ag teastáil uathu.
- Táimid tiomanta do leas an linbh aonair agus cinnteoimid go mbíonn riachtanais an linbh fíorthábhachtach agus go n-éistear leis an leanbh ar fud phróiseas na huchtála.

## Seirbhísí Ardchaighdeáin:

- Féachann muid le seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar i ngach réimse dár gcuid oibre, ag teacht le dlí agus le sárchleachtas san uchtáil.
- Táimid tiomanta forbairt a dhéanamh agus foireann ardoilte a choimeád trí cheannaireacht, oiliúint, forbairt agus tiomantas d’fhorbairt leanúnach ó thaobh ár gcuid seirbhísí a sheachadadh.

## Cuntasach trí Chleachtas Eiticiúil agus Trédhearcacht:

- Táimid á dtreorú ag cleachtas uchtála atá ionraic, ar dhea-iompar, cuntasach agus eiticiúil inár ngníomhartha agus inár gcinntí go léir.
- Feidhmímid ar bhealach atá oscailte do ghrinnscrúdú agus a léiríonn neamhchlaontacht agus cothromas.
- Táimid tiomanta ár gcuid seirbhísí a sheachadadh ar an mbealach is éifeachtúla agus éifeachtaí agus is féidir leis an luach is fearr ar airgead a bhaint amach.

## Meas:

- Táimid tiomanta caitheamh le dínit, meas agus go dea-bhéasach leo sin go léir a bhfuilimid ag déileáil leo.
- Is eagraíocht muid a bhíonn ag éisteacht, ag foghlaim agus ag cumhachtú na ndaoine go léir atá ag obair sna seirbhísí uchtála nó atá faoi thionchar ag uchtáil.

- Éistimid le smaointe agus údar imní na foirne agus bainimid leas as a gcuid eolais agus taithí ionas go mbeidh an tÚdarás ina áit níos fearr le hoibriú ann.

# 6 Misean, Fís agus Spriocanna Ardleibhéil

## 6.1 Ráiteas Misin

"A chinntiú go soláthraítear na caighdeáin is airde agus is fearr ó thaobh seirbhísí uchtála ar fud phróiseas saoil na huchtála agus leasanna an linbh mar phríomhchuspóir."

## 6.2 Ráiteas Físe

"A bheith aitheanta mar ionad barr feabhais agus mar phríomhfhoinse údarásach na faisnéise maidir le gach gné den uchtáil agus mar sholáthróir agus mar rialtóir seirbhísí uchtála atá ar ardchaighdeán."

## 6.3 Spriocanna Straitéiseacha

### Sprioc 1:

"An caighdeán is airde agus is féidir a bhaint amach i rialú agus i bhfeidhmiú seirbhísí uchtála in Éirinn.",

### Sprioc 2:

"Cinnteoireacht atá eolach agus cothrom a chur i bhfeidhm sna seirbhísí uchtála, de réir an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus sárchleachtas atá bunaithe ar fhianaise.",

### Sprioc 3:

"Eolas a chur ar fáil do bheartas uchtála agus do sheachadadh seirbhíse trí thuiscint phraiticiúil ar oibríochtaí na reachtaíochta trí chreat cuimsitheach faisnéise, taighde agus cumarsáide a sholáthar.",

### Sprioc 4:

"Pleanáil d'athruithe agus athruithe a chur i bhfeidhm atá riachtanach ó thaobh beartais eagraíochta agus nósanna imeachta oibríochta ag teacht le hathruithe reachtaíochta atá ag teacht chun cinn.",

Sprioc

## Sprioc 5:

"Eagraíocht atá éifeachtúil, inniúil agus atá ag foghlaim a chothabháil.";

# 7 gCuspóir Straitéiseach

## Sprioc 1:

"An caighdeán is airde agus is féidir a bhaint amach i rialú agus i bhfeidhmiú seirbhísí uchtála in Éirinn. "

Sprioc 1 Toradh inmhianaithe Amlíne

## Cuspóirí

| | | |
|---|---|---|
| a) Tacú le agus maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt seirbhísí uchtála cuimsitheacha, atá ar ardchaighdeán agus comhtháite lenár bpríomhchomhpháirtithe reachtúla agus neamhreachtúla. | Athbhreithnítear go hiomlán gach treoir agus cleachtadh i bhfianaise na reachtaíochta atá le teacht.<br><br>Treoirlínte maidir le Polasaí agus Cleachtas ullmhaithe agus eisithe chuig soláthróirí seirbhíse uchtála agus cleachtóirí. | Ar lean.<br><br>Athruithe a ionchorprú faoi réir thosach na reachtaíochta. |
| b) Rannpháirtíocht éifeachtach a dhéanamh le lucht úsáide na seirbhíse agus lena gcuid ionadaithe, soláthróirí seirbhíse, lucht déanta beartas agus leis an Rialtas le caighdeáin na seirbhísí uchtála a fheabhsú ar bhonn leanúnach. | Caidreamh maith agus tairbheach leis na páirtithe leasmhara uile. | Ar lean. |
| c) Athchreidiúnú agus athchlárú a dhéanamh i gcomhair rialacháin cheadaithe, gach gníomhaireachta a chuireann seirbhísí uchtála ar fáil. | Gníomhaireachtaí iarrthacha a chreidiúnú i gcomhair rialachán agus caighdeán. | 2016 agus de réir mar is gá. |
| d) Monatóireacht agus iniúchadh a dhéanamh ar ról an AAI | Comhlachtaí creidiúnaithe a athbhreithniú, a iniúchadh agus a mhaoirsiú. | 2 chigearacht ar chomhlachtaí creidiúnaithe in 2016. |

2

"Cinnteoireacht atá eolach agus cothrom a chur i bhfeidhm sna seirbhísí uchtála, de réir an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus sárchleachtas atá bunaithe ar fhianaise.„

| Sprioc 2 Cuspóirí | Toradh inmhianaithe | Amlíne |
|---|---|---|
| a) Cinntí eolacha agus tráthúla a dhéanamh maidir le: 1) deonú dearbhuithe incháilitheachta agus oiriúnachta i leith uchtála, 2) orduithe uchtála a dhéanamh, 3) orduithe uchtála idir tíortha a aithint, 4) Tarchur Airteagal 17. | Cinntí tráthúla, cothromais, trédhearcacha agus ar ardchaighdeán.<br><br>Leanadh próiseas cuí. | Ar lean. |
| b) Gach Clár a Choinneáil. | Tá na cláracha uile cothrom le dáta, cruinn agus iomlán.<br><br>NACPR cothrom le dáta, cruinn agus iomlán.<br><br>Taifid chuimsitheacha i ndáil leis na hiarratais uile ar Orduithe Uchtála / iarrataí i leith taifead ar Chlár na nUchtálacha Idir Tíortha.<br><br>Córas maidir le Bainistíocht Doiciméad i bhfeidhm. | Ar lean. |
| c) Cinntí atá eolach agus tráthúil a dhéanamh maidir le scaoileadh faisnéise aitheantais d'uchtaithe fásta agus do thuismitheoirí breithe. | Cinnteoireacht chothrom maidir le faisnéis a scaoileadh nó gan í a scaoileadh. | Ar lean. |
| d) Cothabháil a dhéanamh ar chaidreamh cuiditheach leis na comhpháirtithe go léir agus cothabháil náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorbairt a chuireann na caighdeáin is airde is féidir chun cinn i leith na huchtála agus i leith na seirbhísí a bhaineann le huchtáil. | Téann an tÚdarás i mbun rannpháirtíocht thairbheach leis na páirtithe leasmhara agus feidhmíonn siad de réir dea-chleachtas idirnáisiúnta. | Ar lean |

# Sprioc 3:

"Eolas a chur ar fáil do bheartas uchtála agus do sheachadadh seirbhíse trí chreat cuimsitheach faisnéise, taighde agus cumarsáide a sholáthar."

| Sprioc 3 Cuspóirí | Toradh inmhianaithe | Amlíne |
|---|---|---|
| a) Dul i mbun cainte go réamhghníomhach leis na páirtithe leasmhara uile. | Go bhfuil tuiscint iomlán ag páirtithe leasmhara ar ról an Údaráis agus go n-airíonn siad go dtuigtear a gcuid tuairimí<br><br>Rannpháirtíocht thairbheach idir an tÚdarás agus na páirtithe leasmhara. | Ar lean |
| b) Straitéis éifeachtach Cumarsáide a fhorbairt agus a chaomhnú | Faisnéis a scaipeadh ar na páirtithe leasmhara ábhartha agus ar an bpobal ar bhealach faisnéiseach agus tráthúil.<br><br>Cumarsáid Fhreagrach. | Ar lean. |
| c) An láithreán gréasáin le bheith ina phríomhfhoinse faisnéise do na páirtithe leasmhara go léir agus don phobal i gcoitinne. | Faisnéis chruinn, cothrom le dáta agus a bhfuil sé éasca teacht uirthi. | Ráithe 3, 2016 don láithreán gréasáin agus ar lean ina dhiaidh sin |
| d) Faisnéis staitistiúil agus gnéithe pleanála/forbartha maidir le seirbhísí a sholáthar a choinneáil. | Staitisticí ábhartha agus tráthúla agus faisnéis pleanála ar fáil don Údarás | Ar lean. |
| e) Leanúint de thabhairt faoi dheiseanna taighde agus acmhainneacht taighde agus iad a chur chun cinn. | Taighde atá ar siúl in Éirinn i láthair na huaire a fhoilsiú<br><br>Riachtanais agus deiseanna taighde eile sainaitheanta | Ar lean<br>ICGP a Fhoilsiú - Taighde AAI i Ráithe 1, 2016<br><br>Eolaire maidir le Seirbhísí iaruchtála a chur i dtoll a chéile - deireadh Ráithe 2, 2016<br><br>Ar lean |

Sprioc

| | | |
|---|---|---|
| (f) Tacú leis an Rialtas<br>Tacú le Ranna chun beartas agus reachtaíocht a bhaineann le huchtáil a fhorbairt. | Cuirfear reachtaíocht agus polasaí san áireamh in ionchur, comhairlí agus moltaí an AAI. | Ar lean. |
| (g) Anailís agus díospóireacht eolach agus breithnithe a chur chun cinn maidir le saincheisteanna uchtála. | Eolas á dhéanamh ag fíricí agus ag an saineolas a chuireann an tÚdarás ar fáil maidir le díospóireacht phoiblí. | Ar lean |

4:

."Pleanáil d'athruithe agus athruithe a chur i bhfeidhm atá riachtanach ó thaobh beartais eagraíochta agus nósanna imeachta oibríochta ag teacht le hathruithe reachtaíochta atá ag teacht chun cinn.".

| Sprioc 4<br>Cuspóirí | Toradh inmhianaithe | Amlíne |
|---|---|---|
| Bí ullamh agus in ann dul in oiriúint don:<br>1) Acht um Chaidrimh Teaghlaigh agus Leanaí 2015<br>2) An Bille Uchtála (Leasú) 2016<br>3) Bille um Fhaisnéis agus Lorgaireacht 2015<br>4) gach réimse oibre AAI lena mbaineann. | Tá an tÚdarás ullamh chun freagra láithreach a thabhairt d'aon athruithe a thagann ar a fheidhm reachtúil | Ar lean, ó thaobh cúrsaí ullmhúchán, neamhshainithe ó thaobh an fíorthosach |
| b) Bí ullamh d'aon athruithe maidir le feidhmeanna reachtúla an Údaráis a d'fhéadfadh tarlú trí aon athruithe reachtúla eile. | Tá an tÚdarás ullamh chun freagra láithreach a thabhairt d'aon athruithe a thagann ar a gcuid feidhmeanna reachtúla. | Ar lean, ó thaobh cúrsaí ullmhúcháin, neamhshainithe ó thaobh an fíorthosach |

# Sprioc 5:

"Eagraíocht atá éifeachtúil, inniúil agus atá ag foghlaim a chothabháil."

| Sprioc 5 | Toradh inmhianaithe | Amlíne |
|---|---|---|
| a) Comhlíonadh iomlán a chinntiú leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. | Comhlíonann an tÚdarás an Cód go hiomlán<br><br>An tÚdarás réidh chun aon athruithe sa Chód a chur i bhfeidhm. | Tuarascálacha bliantúla de réir mar a éilítear le rialachas DCYA. |
| b) Creat láidir Bainistíochta Riosca a chothabháil | Creat Éifeachtach Bainistíochta Riosca i bhfeidhm.<br><br>Oifigeach Riosca ceaptha.<br><br>Clár Riosca i bhfeidhm agus bainistíocht réamhghníomhach á déanamh air. | Ar lean. |
| c) Cothabháil a dhéanamh ar na caighdeáin is airde ó thaobh rúndacht sonraí agus ionracas sonraí. | Rúndacht iomlán agus dea-chleachtas i mbainistíocht, sábháilteacht agus cartlannú na sonraí uile | Ar lean. |
| d) An tÚdarás le timpeallacht foghlama a chothabháil ina bhfreastalaítear go hiomlán ar riachtanais inniúlachta agus oiliúna. | Údarás cóirithe chun a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh go cumasach | Ar lean. |
| e) Cothabháil a dhéanamh ar Phlean Comharbachta. | Aistriú gan uaim agus leanúnachas seirbhíse | 2016 agus ar lean. |
| (f) Luach iomlán ar airgead a chinntiú maidir le hacmhainní leithdháilte. | Aithnítear an AAI mar eagraíocht a chinntíonn luach iomlán ar airgead.<br><br>Mion-anailís airgeadais mar bhonn taca ag gach togra caiteachais. | Ar lean. |

## Sprioc

| | | |
|---|---|---|
| (g) Coinníonn an tÚdarás agus glacann páirt ghníomhach le Feidhm neamhspleách Iniúchóireachta Inmheánaí | Feidhm neamhspleách Iniúchóireachta Inmheánaí.<br><br>Comhlíonann an fheidhm go hiomlán leis an iniúchóireacht inmheánach faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit . | Ar lean. |

# 8 Riosca & Gníomh Maolaithe

| Sainmhíniú ar Riosca | Gníomh Maolaithe |
|---|---|
| Reachtaíocht tugadh go bhf<br>Legislation introduced that the Authority is not ready to implement due to resource challenges. | an tÚdarás in ann reachtaíocht a chur i bhfeidhm.<br>Cumarsáid leis an DCYA an-tábhachtach ag gach céim. Aga tionscanta comhaontaithe leis an Roinn chun reachtaíocht a chur i bhfeidhm. |
| Cases get caught between legislation. | Creat láidir idirthréimhseach agus tréimhse a bheith ann chun déileáil le cásanna atá ann cheana. |
| Ról agus maoiniú na gcomhlachtaí creidiúnaithe. | Soiléireacht ón Rialtas maidir leis an bpolasaí a bhaineann le ról agus maoiniú na gcomhlachtaí creidiúnaithe<br>Teagmhas forbartha i gcás go ndúnfar na comhlachtaí creidiúnaithe. |
| Leochaileachtaí a bhaineann le reachtaíocht maidir le faisnéis agus lorgaireacht a chur i bhfeidhm. | Ní mór na hacmhainní cuí a bheith ag an Údarás chun spriocanna na reachtaíochta atá le teacht a bhaint amach. |
| Gan teagmhas maidir le costais dlí nach raibh súil leo agus costais eile ó 2016. | Ní mór don Údarás teacht ar réiteach ina leith sin leis an Roinn |
| Caillteanas ionchasach príomhphearsanra agus éagumas daoine eile a chur in ionad príomhphearsanra. | Pleanáil Comharbachta<br>Inniúlacht AD go hinmheánach a chur chun cinn<br>Solúbthacht níos mó a chinntiú i gcúrsaí earcaíochta. |
| Plean ag brath ar chás nach mbeidh aon chásanna éigeandála nach bhfuil súil leis ann. | Solúbthacht sa Phlean Acmhainne le teagmhas |

Figiúr 1.0 - Plean um Maolú Riosca

# 9 Cur i bhFeidhm agus Athbhreithniú

Sceideal feidhmiúcháin mionsonraithe ina shainaithnítear cúraimí tacaíochta agus príomhfhreagracht mar threoir maidir le bainistíocht inmheánach agus mar chreat do pleanáil ghnó bhliantúil thar thréimhse an Phlean seo.

Déanfaidh an tÚdarás athbhreithniú bliantúil ar dhul chun cinn faoin bPlean Corparáideach seo, a chuirfear san áireamh sa tuarascáil bhliantúil na mblianta ábhartha agus i bplean gnó na bliana seo chugainn.

Tabharfar faoi mheasúnacht iomlán ar dhul chun cinn thar thréimhse an Phlean ag deireadh an timthrialla pleanála.



Aguisín 1

Struchtúr Eagraíochtúil Údarás Uchtála na hÉireann

CEO - Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Director of Operations & Corporate Services - Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus Oibríochtaí

Head of Operations - Ceann Oibríochtaí

Solicitor Legal Services - Seirbhísí Dlí Aturnae

Principal Social Worker - Príomhoibrí Sóisialta

Manager Domestic Unit (HEO) - Bainisteoir, Aonad na nUchtálacha Baile (HEO)

Manager Information & Tracing Unit (HEO)- Bainisteoir, An tAonad Eolais & Aimsithe (HEO)


Manger Intercountry Unit (HEO)- Bainisteoir, An tAonad um Uchtáil Idir Tíortha (HEO)

Manager Corporate Services & Accreditation (HEO) - Bainisteoir, An tAonad Seirbhísí Corparáideacha & Creidiúnaithe (HEO)

Social Work Team - An Fhoireann Oibre Sóisialta

Senior Social Work Practitioner - Cleachtóir Oibre Sóisialta Sinsir

Social Worker - Oibrí Sóisialta


CEO
Director of Operations & Corporate Services
Principal Social Worker
Head of Operations
Solicitor
Legal Services
Manager Domestic Unit (HEO)
EO x 2
CO x 1
Manager Information & Tracing Unit (HEO)
EO x 1
SO x 1
CO x 1
Manager Intercountry Unit (HEO)
EO x 2
Manager Corporate Services & Accreditation (HEO)
EO x 1
CO x 3
Social Work Team
Senior Social Work Practitioner x 2
Social Worker x 2